Literacy Association of Ireland *Cumann Litearthachta na hÉireann*

**Gradaim Leabhar Chumann Litearthachta na hÉireann.**

## Critéir

Is é cuspóir Ghradam Leabhar CLÉ scríbhneoireacht agus foilsitheoireacht, chomh maith le léirthuiscint agus meas ar litríocht do phaistí in Éirinn, a spreagadh, a chothú agus a chur chun cinn. Tá Cumann Litearthachta na hÉireann comhcheangailte leis an gCumann Litearthachta Idirnáisiúnta, nó an ILA mar is fearr aithne air sa Bhéarla, a bhfuil d'aidhm aige an léitheoireacht agus foghlaim na litearthachta a ghríosú ar fud domhain mhóir.

Roghnófar trí leabhar ó gach catagóir thíos ó na leabhair incháilithe le cur ar ghearrliosta as a roghnófar an buaiteoir deiridh i ngach catagóir.

1. Tá ceithre cinn de chatagóirí i nGradaim Leabhar CLÉ, leabhair do pháistí ó bhreith go cúig bliana; sé go naoi mbliana; deich mbliana go dhá bhliain déag; agus an t-aosach óg. D'fhéadfaí go mbronnfaí Gradam Fiúntais Speisialta chomh maith.
2. Bronnfar gradaim ar leabhair nuachumtha do pháistí agus iad foilsithe in Éirinn idir an 1 Eanáir 2023 agus an 31 Nollaig 2024.
3. Cuirfear leabhair ficsin agus neamhfhicsin san áireamh do na gradaim.
4. Glacfar le leabhair scríofa i nGaeilge, nó i mBéarla, amháin.
5. Ní ghlacfar le *téacsleabhair scoile* nó *aistriúcháin.*
6. Bainfear úsáid as an gcritéir mheasúnaithe seo a leanas chun gach iontráil a mheas, ***más bainteach***

| Ábhar | Teanga/ Scríbhneoireacht | Léaráid agus Dearadh | Úrnuacht | Rannpháirtíocht |
|---|---|---|---|---|
| • Oiriúnach d'aois<br>• Pléite ar bhealach faichilleach cúramach<br>• Tugtar léargas ar an tsochaí i gcoitinne<br>• Cuirtear an comhthéacs stairiúil in iúl go cruinn | • Soléite do spriocghrúpa léitheoireachta<br>• Baintear leas as<br>○ Stór focal<br>○ Cor cainte/ comhréir<br>○ Ciútaí liteartha<br>• Comhtháite | • Íomhánna/ Léaráidí tumthacha<br>• Cuirtear brí níos doimhne in iúl<br>• Seasann an leabhar amach ó thaobh stíle de | • Ábhar nua<br>• Léargas ar leith/nuálach ar ábhar neamhfhicsin<br>• Scéal úrnua<br>• Athinsint nuálach ar scéal traidisiúnta | *Cognaíoch*<br>• Déantar eolas/dearcadh an léitheora a leathnú/a cheistiú<br>• Déantar samhlaíocht an léitheora a chothú<br>*Mothaitheach*<br>• Is féidir leis an léitheoir nasc a dhéanamh/comhbhá a léiriú le carachta(i)r/scéal(ta)/staid (eanna) mheabhrach(a)<br>• Sult<br>• Léirítear meas ar an léitheoir óg |

7. D'fhéadfaí go mbronnfaí Gradam Fiúntais Speisialta an Chumainn ar leabhar a chuir go mór le gné áirithe d'fhoilsitheoireacht do pháistí in Éirinn, dar leis na moltóirí.
8. Níl aon duais airgid ag baint leis na gradaim, ach tabharfar duaiseanna d'údair agus d'fhoilsitheoirí na leabhar a mbíonn an bua acu.
9. Beidh foilsitheoirí na leabhar a roghnófar don ghearrliosta i dteideal stampa Ghradam Chumann Litearthachta na hÉireann a chur ar na leabhair.
10. Is faoi na moltóirí atá an bhreith dheireanach chríochnaitheach.
11. Beidh sé de cheart ag Cumann Litearthachta na hÉireann gan gradam a bhronnadh mura roghnaítear buaiteoirí oiriúnacha.